Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15497/24**

**COH 65**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Príomhshócmhainní an bheartais comhtháthaithe a neartú: conas bainistíocht chomhroinnte na gcistí comhtháthaithe a fheabhsú amach anseo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta?<br>*–Díospóireacht bheartais* |

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta a bhí dírithe ar an mbeartas comhtháthaithe a thiocfaidh amach an 28 Samhain, ar bhonn an pháipéir ón Uachtaránacht a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, iarrtar ar na hairí atá i gceannas ar an mbeartas comhtháthaithe an topaic seo a leanas a phlé: 'Príomhshócmhainní an bheartais comhtháthaithe a neartú: conas bainistíocht chomhroinnte na gcistí comhtháthaithe a fheabhsú amach anseo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta?'

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Páipéar cúlra**

**don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta atá tiomnaithe don bheartas comhtháthaithe**

**'Príomhshócmhainní an bheartais comhtháthaithe a neartú: conas bainistíocht chomhroinnte na gcistí comhtháthaithe a fheabhsú amach anseo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta?'**

Foráiltear do bheartas comhtháthaithe an Aontais sa Chonradh mar bheartas 'sár-riachtanach do lánfhorbairt agus do rath marthanach an Aontais', agus is léir gur spreagadh ríthábhachtach é don fhás eacnamaíoch, don chóineasú, don iomaíochas agus don chomhtháthú.

Tá an beartas comhtháthaithe bunaithe ar phrionsabail na comhpháirtíochta, na coimhdeachta, an rialachais il-leibhéil agus na bainistíochta comhroinnte, rud a chuireann ar chumas na mBallstát agus na réigiún a bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur chun feidhme an bheartais, agus cuntasacht a threisiú ar leibhéil éagsúla rialachais ag an am céanna.

Le bainistíocht chomhroinnte, cumhachtaítear na Ballstáit agus na réigiúin trí ghuth a thabhairt dóibh i bpleanáil agus clársceidealú bheartais an Aontais, agus ní maidir lena mbainistiú agus lena gcur chun feidhme amháin; dá bhrí sin, treisítear an bhraistint úinéireachta atá ag na Ballstáit agus ag na réigiúin ar na tionscadail agus cothaítear rannpháirtíocht an phobail. Leis an gcur chuige cuimsitheach réigiúnach sin, is féidir freagairtí saincheaptha a thabhairt ar dhúshláin agus tosaíochtaí áitiúla sonracha, rud a fhágann gur féidir le gníomhaíocht an Aontais a bheith ábhartha ar bhealach níos dírí do na pobail ar a bhfreastalaíonn sé.

Le linn an phlé ar thodhchaí an bheartais comhtháthaithe, dhearbhaigh go leor Ballstát agus institiúidí de chuid an Aontais arís agus arís eile gur gá an modh bainistíochta comhroinnte a choinneáil ina ghné lárnach. Sa tuairim uaidh maidir leis an ábhar, molann Coiste na Réigiún[1] go láidir go leanfaidh samhail na bainistíochta comhroinnte, an rialachas il-leibhéil agus prionsabal na comhpháirtíochta de bheith ina dtreoirphrionsabail sa bheartas comhtháthaithe tar éis 2027, agus cuireann sé i bhfios go láidir ag an am céanna go bhfuil rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara áitiúla agus réigiúnacha ríthábhachtach d'éifeachtacht an bheartais. Mar a léiríodh sa tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Bheartais Comhtháthaithe[2], is beartas ar leith é san Aontas an beartas comhtháthaithe mar gheall ar an gcur chuige áitbhunaithe a bhaineann leis, cur chuige a mbaineann raon éagsúil páirtithe leasmhara go gníomhach leis, rud a dhéanann é a ailíniú le prionsabal na comhpháirtíochta. Tá an modh rannpháirtíochta sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chríochacha, chun deiseanna a aithint, agus chun rath na dtionscadal comhtháthaithe Eorpach a fheabhsú.

Ina theannta sin, chuir Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)[3] chun suntais gur gá rialacha soiléire simplí a bheith in aon rialachán amháin chun cistí náisiúnta agus cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte. Is é tátal CESE go bhfuil iarrachtaí simpliúcháin thar a bheith ábhartha chun a áirithiú gur féidir le réigiúin a bhfuil acmhainneacht riaracháin theoranta acu úsáid a bhaint as an gcreat bainistíochta comhroinnte.

Le déanaí, le cruthú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), ba léir cosúlachtaí idir é agus an mbeartas comhtháthaithe mar gheall ar an gcur chun feidhme comhthreomhar agus réimsí tacaíochta forluiteacha. Léirítear leis an tSaoráid samhail seachadta mhalartach cé nach bhfuil an leibhéal céanna rannpháirtíochta réigiúnaí aici agus atá ag cistí an bheartais comhtháthaithe. Murab ionann agus cistí an bheartais comhtháthaithe, ní éilíonn an tSaoráid rialachas il-leibhéil ná rannpháirtíocht láidir ó údaráis fhonáisiúnta, mar a thuairiscigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ina hanailís in 2023[4].

---

1 'Todhchaí an Bheartais Comhtháthaithe tar éis 2027', Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún, arna glacadh an 29 Samhain 2023.

2 'Todhchaí Inbhuanaithe a chruthú le chéile: an Comhtháthú le haghaidh Eoraip Iomaíoch agus Chuimsitheach', Tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil maidir le Todhchaí an Bheartais Comhtháthaithe, Feabhra 2024.

3 An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an beartas comhtháthaithe: i dtreo beartas comhtháthaithe 2.0', Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, a glacadh an 20 Meán Fómhair 2023.

4 Athbhreithniú 01/2023: maoiniú ón Aontas tríd an mbeartas comhtháthaithe agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: anailís chomparáideach.

Ina theannta sin, gné bhreise is ea cur chuige na Saoráide, an cur chuige feidhmíochtbhunaithe, mar a thugtar air, chun machnamh a dhéanamh ar thodhchaí an bheartais comhtháthaithe. Mar sin féin, bhí gnéithe feidhmíochta riamh sa bheartas comhtháthaithe, go háirithe ó rinneadh é a athnuachan le díriú ar thorthaí tar éis thuarascáil Barca[5]. Cé go leagtar amach sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta treoshuíomh straitéiseach fadtéarmach na gcistí, tugtar aghaidh sna cláir ar mholtaí tírshonracha ábhartha, mar aon le straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha, déantar measúnú ar chomhlíonadh coinníollacha cumasúcháin cothrománacha agus téamacha agus, chomh maith leis sin, sainítear táscairí coiteanna agus in-chomhiomlánaithe, lena n-áirithítear faireachán ar thorthaí an bheartais ar leibhéal an Aontais ar bhealach trédhearcach. Ina theannta sin, bhain an beartas úsáid fhorleathan as an gceanglas maidir le meastóireachtaí ar mhodhanna aisíocaíochta simplithe, ar nós roghanna costais simplithe agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, agus chuir sé le toradh na meastóireachtaí sin freisin.

Agus an tAontas ag ullmhú do phlé ar struchtúr an bhuiséid a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an beartas comhtháthaithe, tá aghaidh á tabhairt freisin ar thábhacht an mhodha bainistíochta comhroinnte i gcur chun feidhme an bheartais. De réir na dTreoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile, arna leagan amach ag Uachtarán toghaí an Choimisiúin Eorpaigh, ba cheart go mbeadh an buiséad fadtéarmach nua 'níos simplí sa chaoi a n-oibríonn sé – níos lú clár ann agus plean do gach tír chun athchóirithe tábhachtacha a nascadh le hinfheistíocht'. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin, áfach, aistriú ón mbainistíocht chomhroinnte atá ann faoi láthair go modh bainistíochta níos láraithe ar ionstraimí an Aontais, lena n-áirítear cistí an bheartais comhtháthaithe, as a dtiocfadh athstruchtúrú ar réimsí éagsúla na bainistíochta comhroinnte (clársceidealú, bainistiú agus rialú), a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige maidir leis an gcoimhdeacht, an úinéireacht agus an chomhpháirtíocht.

Áitíonn Uachtaránacht na hUngáire gur gá gnéithe reatha de bhainistíocht chomhroinnte bheartas comhtháthaithe an Aontais a chaomhnú chun luachanna lárnacha an bheartais a chaomhnú freisin. Dá bhrí sin, ba cheart dúinn féachaint freisin ar conas is féidir iad sin a neartú tar éis 2027, ionas go leanfaidh an beartas comhtháthaithe de bheith ina uirlis éifeachtach chun an fhorbairt a chur chun cinn, chun gníomhaithe áitiúla a chumhachtú agus chun Eoraip níos láidre, níos iomaíche agus níos comhtháite a thógáil.

---

5 Clár Oibre le haghaidh Beartas Comhtháthaithe Athchóirithe: **Cur chuige áitbhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ionchais an Aontais Eorpaigh**. Tuarascáil Neamhspleách arna hullmhú ar iarratas ó Danuta Hübner, an Coimisinéir um Beartas Réigiúnach, le Fabrizio Barca, Aibreán 2009.

I bhfianaise na bpointí thuasluaite, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí an cheist seo a leanas a phlé:

**conas bainistíocht chomhroinnte na gcistí comhtháthaithe a fheabhsú amach anseo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta?**